

A close-up photograph of a hand placing a blue puzzle piece into a larger puzzle. The puzzle pieces are blue and white, and the background is a soft, out-of-focus blue. The hand is positioned on the right side of the frame, with the thumb and index finger holding the piece. The puzzle piece being placed is a large, irregular shape with several holes and protrusions. The overall scene suggests a process of completion or assembly.

Dioploma i Múineadh na Gaeilge (Foghlaimoirí Fásta)

Lárionad na Gaeilge
Ollscoil Mhá Nuad
Maigh Nuad
Co. Chill Dara

(01) 708 3737
teanga@nuim.ie
www.maynoothuniversity.ie/language

PÁIRTAIMSEARTHA (10 SATHARN)
MF 2018-BEALTAINÉ 2019
CÁILÍOCHT PHROIFISIÚNTA

Léargas Ginearálta

Bunaithe ar thaighde ar an dea-chleachtas in oiliúint múinteoirí, d'fhorbair Lárionad na Gaeilge an cúrsa Dioplóma seo i 2012.

Cuirtear béim láidir sa Dioplóma ar an gcleachtadh teagaisc sa seomra ranga. Tá béim ar an bhféin-anailís, ar an bpiar-mheasúnú agus ar thacaíocht phraiticiúil don mhúinteoir. Beidh deis ag gach rannpháirtí tacaíocht agus comhairle a fháil ó mheasúnóir a thabharfaidh trí chuairt ar an rannpháirtí le linn dó /di a bheith i mbun teagaisc. Déanfar taifeadadh físe ar gach ceann de na cuairteanna sin agus beidh na taifeadtaí físe mar bhunús le hobair leanúnach an chúrsa. Déanfaidh na rannpháirtithe féin-mheasúnú ar na taifeadtaí físe agus gheobhaidh siad aiseolas ón measúnóir chomh maith.

Feidhmeanna an Chúrsa

- Oiliúint a chur ar fáil do rannpháirtithe maidir le conas Gaeilge a mhúineadh d'fhoghlaimoírí fásta.
- Cur le scileanna teagaisc na rannpháirtithe.
- Cur le heolas na rannpháirtithe ar an taighde is deireanaí a rachadh chun tairbhe dóibh i múineadh na Gaeilge d'fhoghlaimoírí fásta.
- Deis a thabhairt do rannpháirtithe smaointe, moltaí praiticiúla agus tuairimí a mhalartú.

Riachtanais Iontrála

Chun áit a fháil ar an gcúrsa beidh ar iarrthóirí scrúdú iontrála agus agallamh a dhéanamh ar an 30 Meitheamh 2018 in Ollscoil Mhá Nuad. Scrúdú scríofa agus cainte ag Meánleibhéal 2 (B2) de Theastas Eorpach na Gaeilge a bheidh i gceist leis an scrúdú. Beidh ar a laghad 70% ag teastáil i ngach scil (scríobh agus caint) chun a bheith san áireamh d'áit ar an gcúrsa, agus beidh ar gach iarrthóir freastal ar an scrúdú seo. Beidh an t-agallamh ar siúl an lá céanna ina ndéanfar oiriúnacht na n-iarrthóirí don chúrsa a mheas. Beidh an t-agallamh mar chuid den scrúdú cainte.

Tá eolas faoi scrúduithe TEG, mar aon le páipéir shamplacha ag Meánleibhéal 2 (B2) le fáil ar www.teg.ie. Is scrúdú scríofa agus scrúdú cainte amháin a bheidh i gceist sa scrúdú iontrála seo – ní bheidh scrúdú éisteachta ná léitheoireachta i gceist.

Deiseanna Fostaíochta

Tá céimithe an chúrsa seo ag obair mar mhúinteoirí Gaeilge in ollscoileanna agus i gcoláistí tríú leibhéal agus aosoideachais in Éirinn, agus le heagraíochtaí Gaeilge ar fud na tíre.

Ceardlanna / Struchtúr an Chúrsa

Beidh ar rannpháirtithe freastal ar 10 gceardlann i rith thréimhse an chúrsa. Déanfar cur i láthair sna ceardlanna ar ábhar an chúrsa. Beidh na ceardlanna ar siúl idir 9.30 am agus 4.30pm ar 10 Satharn i rith na bliana acadúla. Beidh béim láidir ar an idirghníomhaíocht sna ceardlanna agus tabharfar deis do rannpháirtithe smaointe a roinnt agus tuairimí a mhalartú.

Cleachtadh Teagaisc

Beidh ar rannpháirtithe an chúrsa 40 uair an chloig teagaisc a dhéanamh le linn an chúrsa. Is faoi na rannpháirtithe féin atá sé an cleachtadh teagaisc sin a eagrú. Tabharfar 3 chuairt ar an rannpháirtí le linn dó/di a bheith i mbun teagaisc. Déanfar taifeadadh físe ar gach ceann de na cuairteanna sin.

Fillteán Teagaisc

Beidh ar gach rannpháirtí fillteán teagaisc a choinneáil le linn an chúrsa. Obair leanúnach atá i gceist leis an bhfillteán seo agus beidh sé bunaithe ar na ceardlanna, ar an bpleanáil ranga, agus ar an bhféin-anailís ar an teagasc.

Tionscadal (An Teagasc Machnamhach)

Beidh tionscadal le déanamh ag rannpháirtithe le linn thréimhse an chúrsa. Beidh an tionscadal seo bunaithe ar an anailís a dhéanfaidh siad ar a gcuid teagaisc.

Iarratais

Chun cur isteach ar áit ar an gcúrsa seo, líon isteach an fhoirm iarratais agus seol ar ais chugainn í roimh 22 Meitheamh 2018. Tá táille riaracháin €30 le híoc. Is féidir an fhoirm agus an táille a sheoladh chuig:

Dioplóma i Múineadh na Gaeilge 2018
Lárionad na Gaeilge
Ollscoil Mhá Nuad
Má Nuad
Co. Chill Dara

Is féidir teagmháil a dhéanamh linn ag teanga@mu.ie nó (01) 708 3737.

Tá foirm iarratais, eolas maidir le costas an chúrsa (€500) agus tuilleadh eolais faoin gcúrsa le fáil ag www.maynoothuniversity.ie/language.